



# AN TAOBH Ó THUAIDH

agus ar fud na cathrach

**LÁ FHÉILE BRÍDE  
FAOI MHAISE  
DAOIBH**

*Ná labhair faoi ach déan é*

TAOBH ISTIGH:

IMLEABHAR 1 EAGRÁN 2

FEABHRA 2014

Ceacht beag 2

An focail Ghaeilge iad seo? 2

Walt Disney 3

Tharla sé i bhFeabhra 3

Scéal Grinn 3

Lá San Vailintín 4

Jameson International Film Festival 5

Turas: Na Ceannabháin Bhána 5

An Ghaeilge i gCluain Tarbh 6

Mata Hari 7

Tús an Earraigh 7

An Cadhan 7

Ceacht ón Taobh eile 8

Cáilín Éireannach i Londain 8

Tharla sé domsa 8

Suíomh suimiúil ar an idirlíon 9

Crosfhocal & Cuardach fhocal 10

Nino Benvenuti 11

Turas go Béal Feirste 11

Na Sé Náisiún 12

Na Cluichí Oilimpeacha 12



## GAIRM SLÓGAIDH - ÉIRÍ AS AN CHOIMISINÉARA

Beidh Seán Ó Cuirreáin, Coimisinéir Teanga, ag éirí as a phost ar an 23 Feabhra tar éis 10 mbliana caite aige i mbun chúraimí na hoifige sin. Deir sé “go bhfuil an teanga á ruaigeadh ar leataobh go leanúnach chuig imeall na sochaí, agus áirim anseo cuid mhaith den riarachán poiblí” agus “cé go bhfuil daoine sa státchóras a thacaíonn go láidir leis an Ghaeilge, go bhfuil fórsaí níos láidre agus níos forleithne fós ann ar chuma leo ann nó as dár dteanga náisiúnta”.



D’eagraigh Conradh na Gaeilge Fóram Poiblí i Halla na Saoirse ar an 11 Eanáir chun éirí as an Choimisinéara a phlé. D’fhreastal idir óg agus aosta, oibreoírí, pinsinéirí, mic léinn, daoine ó gach carn den tír, thuaidh agus theas, thoir agus thiar agus ionadaithe ó na Gaeltachtaí éagsúla, iad go léir feargach roimh fhaillí an Rialtais i dtaobh na Gaeilge. Tháinig moltaí gníomhaíochta ón tinreamh agus ó dhaoine nach raibh in ann bheith i láthair.

Mhol Anna Heussaff go roghnófaí Rannóg Rialtais amháin gach mí agus go mbeadh daoine ag cur glaonna agus comhfhreagrais chuici agus ag dul isteach in oifigí na Rannóga ag lorg seirbhísí, foirmeacha, agus mar sin i nGaeilge. Bheadh ar an Rialtas aird a thabhairt ar ionsaithe mar seo ó Thrúpaí na Teanga! Moladh eile ná bóthar na cúirte a shiúil agus agra dlí a thosú i gcoinne an Stáit as cearta sibhialta agus Bunreachtúla na nGaeilgeoirí a dhiúltú. Bheadh an Rialtas níos díograisí lena dualgais teanga chun bagairt cúiteamh airgid a sheachaint.

Beidh **Lá Mór na Gaeilge** ann Dé Sathairn, 15 Feabhra chun tacaíocht a thaispeáint don Choimisinéir agus chun cearta teanga do Ghaeilgeoirí a éileamh. Caithfidh gach duine a bhfuil suim sa Ghaeilge aige/aici bheith ann. Ní féidir linn an obair a ligean do dhaoine eile. Tá neamhshuim agus fiú naimhdeas don Ghaeilge ag an Rialtas. Ní cheapann siad go ndéanfaidh Gaeilgeoirí aon rud. Ná bíodh an ceart acu!

Iarraimid ar dhaoine atá ag léamh an iris seo siúil ar son cearta na teanga ar an 15 agus a chlann agus a chairde a thabhairt leo. **Ní neart go cur le chéile.**

**LÁ MÓR NA GAEILGE**

SIÚIL AR SON DO CHEARTA  
WALK FOR YOUR RIGHTS

**DÉ SATHAIRN**  
15 FEBHRA 2014  
@ 2:00

**CEARNÓG PARNELL**  
GARDIN CUMPNÉAGÁIN / GARDEN OF REMEMBRANCE  
PARNELL SQUARE

le ceol ó:  
with music from: **Seo Uinn**  
KILA Na Firén

Breís Eolais / More Info  
lagaeilge@cnag.ie

fb.me/lagaeilge  
#LáGaeilge

Léigh ráiteas Shéain Uí Chuirreáin faoina choinne éirí as a phost ar <http://www.coimisineir.ie/downloads/NotaicainteAnCoimisineirTeanga04122013.pdf>

## CEAHT BEAG NA GAELIGE - HOW TO SAY THAT...

## YOU ARE, WERE OR WILL BE 'ABOUT TO DO SOMETHING'

This is easy. The two key words here are '**ar tí**' followed by whatever it is that you are going to do.

(Present tense) **I am about to**..... tá mé / táim ar tí ..... (rud a dhéanamh).

(Past Tense) **I was about to**.... bhí mé/ bhíos ar tí.... (rud a dhéanamh)

(Future Tense) **I'll be about to**.... beidh mé ar tí..... (rud a dhéanamh)



(Present Tense) **I am just about to leave** - táim díreach ar tí imeacht

(Past Tense) **I was just about to give you a call** - bhíos díreach ar tí gloach a chur ort

(Future Tense) **I will be just about to go to bed then** - beidh mé díreach ar tí dul a luí ag an am sin - straight / just about (in time phrases)

## THAT YOU ARE GOING TO DO SOMETHING :

The key word here is '**chun**' followed by whatever it is you are going to do.

(Present Tense) **I am going to**.....tá mé / táim chun.....(rud a dhéanamh)

(Past Tense) **I was going to** .....bhí mé / bhíos chun....(rud a dhéanamh)

(Future Tense) **I will be going to**..beidh mé chun .....(rud a dhéanamh)

(Present Tense) táim chun nuachtán a cheannach

- I'm going to buy a newspaper

(Past Tense) bhíos chun é a rá leat ach....

- I was going to say it to you but....

(Future Tense) beidh mé chun an siopa a dhúnadh ag a sé

- I'll be going to close the shop at six

## IS Í AN CHEIST A CHUR NÁ – ‘AR CHÓIR NÓ NÁR CHÓIR É A RÁ LEO?’

Cad a dhéanfá .....? Samhlaigh é seo - tá tú i gciorcail comhrá ag labhairt Gaeilge, Fraincis, srl. nuair a deir duine éigin rud atá mícheart ó thaobh gramadaí de. Bíonn fhios agat go maith go bhfuil botún déanta aige nó aici. Cad a dhéanann tú. Ní theastaíonn uait bheith míshibhialta ach ní féidir leat é a ligean. B'fhéidir gur chara leat é nó b'fhéidir gur duine nua ciúin é. An bhfanann tú i do thost gan aird a tharraingt air sa chomhluadar? Ar an taobh eile de, tuigeann tú go leanfaidh sé leis ag déanamh an dearmad ceannann céanna i gcónaí mura gcuireann tú a d(h)earmad in iúl dó nó di. Sa chás seo, is dócha gur ghá an cheist seo a chur: an mbeadh treampán (**embarrassment**) air i ndáiríre - nach bhfuil sé anseo chun a Ghaeilge a bhfeabhsú? B'fhéidir go mbeadh áthas air nó uirthi. Cá fios?

## AN FOCAIL GHAELIGE IAD SEO ..... MEAS TÚ

Tá fhios ag chuile dhuine go nglacann teangacha focail ó theangacha eile agus cé go ndeirtear gur modh forbartha na teanga é seo, níl sé ar leas na teanga uaireanta, go háirithe nuair is í an Ghaeilge atá i gceist. Tá samplaí mar '**nil sé féareálta**' (it's not fair) '**ag landáil**' (landing) ag déanamh ceap magaidh den Ghaeilge. Ach, bhí rudaí mar seo ag tarlú i bhfad ó shin - in aimsir na Normannach mar shampla. An focal '**ubh**' - deirtear gur ón

bhFraincis '**oeuf**' a thagann sé. Agus cad faoi '**fuinneog**' - an ó '**fenêtre**' é seo, agus an t-ainm "**Seán**" - an é seo '**Jean**', agus ceann amháin eile - an dtagann '**seomra**' ó '**chambre**'? Ach is í an difríocht idir am na Normannach agus anois ná - san am sin bhí sé d'acmhainn don Ghaeilge na focail seo a ghlacadh mar ba í an Ghaeilge teanga labhartha na tíre ansin agus ba bheag an truailliú a bhí á dhéanamh di. Ní mar sin atá sé anois; tá teanga ársa, uaisle na hÉireann á loit ag an mBéarlachas agus an dearcadh ar nós cuma linn

ar dhaoine. Mar sin, mar achoimre bheag, má tá rogha agat idir fhocal Gaeilge agus Béarla .....




**We must try to use only Irish words when speaking Irish. Every English word spoken in an Irish conversation invites the question; "what kind of language is this anyway?"**

## WALT DISNEY

Rugadh Walt Disney i Chicago, SAM, 5 Nollaig, sa bhliain 1901. Is beag duine nár chuala riamh faoi, nó ar a carachtair cartún. Is é Mickey Mouse an ceann a bhfuil an clú is mó air b'fhéidir. Do léirigh sé *'Snow White and the Seven Dwarfs'* i 1937, an chéad scannán beo i measc moran dóibh síúd a rinne sé, *"The Jungle Book"* agus *"Sleeping Beauty"* san áireamh. 'Sé cuid dá n-oidhreacht do pháistí ná a pháirceanna Disneyland i bhFlorida agus i bPáras. Fuair Walt Disney bás sa bhliain 1966 in aois a 65 bliana.

Walt Disney was born in Chicago on 5 December 1901. There can be few people who have not heard of him or his cartoon characters. Micky Mouse is probably the best known. He also produced *"Snow White and the Seven Dwarfs"* in 1937 which was the first of many animated films which included *"The Jungle Book"* and *"Sleeping Beauty"*. A legacy of the man for children is his Disneyworld parks in Florida and Paris. Walt Disney died in 1966 aged 65 years.

Conas tá tú?



Tá mé go maith a Mhicí, ach cad a tharla duit aréir?

## THARLA SÉ I BHFEABHRA NA BLIANTA Ó SHIN

Go traidisiúnta is í Mí Feabhra mí an ghrá (féach leathanach 4) ach ar dtús roinnt fíricí fúithi: rugadh céad Uachtarán SAM, George Washington, ar an 22 Feabhra 1732 agus an tUachtarán Abraham Lincoln ar an 12 Feabhra 1809; osclaíodh an chéad siopa Woolworth in Utica i Stáit Nua Eabhrach i Mí Feabhra 1879. Tharla an t-ár uafásach sin, an *"St. Valentine's Day Massacre,"* i 1929 nuair a maraíodh seacht mball den North Side Gang ar ordú Al Capone. Ar an 21 Feabhra san Eoraip i rith an Chéad Chogadh Domhanda cuireadh tús le Cath Verdun a mhair ar feadh aon mhí dhéag agus inar maraíodh nó inar gortaíodh breis is leath mhilliún i measc na dtrodaithe go léir. Sa mhí seo i 2011 bhuaíl crith talún cathair Christchurch sa Nua Shéalainn inar maraíodh 185 duine agus inar rinneadh an-dochar do chuid den chathair. Ar théama níos taitneamhaí, beidh gealach lán le feiceáil i spéir na hoíche ar an 25 den mhí ag 8.30 pm agus is í cloch bhreithe na míosa ná an Aimitis.

## SCÉAL GRINN - NA CEAPAIRÍ CÉANNA ARÍS

Tá an triúr fhear seo ag obair ar láithreán tógála i Londain. Tá siad ar an cúigiú hurlár déag ar bharr bhloc oifige. Gach maidin ag an sos ag a deich a chlog bíonn an comhrá céanna le cloisteáil faoina gceapairí. Osclaíonn Paddy a bhosca lóin, agus deir: *"Féachaigi, cáis agus cúcamar (cucumber). Táim bréan den diabhal rud seo. Táim á rá libh a bhuachaillí - má fhaighim an rud céanna amárach i mo cheapairí tá mé chun siúl trasna chuig an imill agus táim chun mé féin a chaitheamh as."*

Tagann an mhaidin dár gcionn agus osclaíonn sé a bhosca lóin *"Bhuel, a stócaigh! Dúirt mé libh inné, ní féidir liom cur suas le seo níos mó - slán libh"*. agus le sin, téann sé trasna chuig an imill agus léimeann sé amach sa spás.

Cúpla lá níos déanaí ag a shochraid, taobh amuigh den séipéal, tá an triúr ban ag caint faoi Phaddy bocht. *"Nach uafásach an scéal é,"* deir bean amháin. *"Tá an ceart agat,"* freagraíonn an bhean eile, *"uafásach ar fad."* Ansin labhraíonn bean chéile Phaddy agus tocht goil uirthi, *"Ní féidir liom é a thuiscint ar chor ar bith, is rún domsa ar fad é mar, gach oíche díreach roimh dhul a chodladh dó, rinne Paddy a cheapairí féin!"*

## ceist a haon:

Cad is ainm den oileán ar d'éag Napoleon?

St. Helena

## ceist a dó:

Cé mhéad mí a bhfuil 28 lá acu?

Gach ceann acu i

## ceist a trí:

I Cinderella, cad iad ainmneacha an bheirt deirfiúr gránna?

Anastasia agus Drizella

## Ceist a ceathair:

Cén t-am é nuair a ritheann deich geat i ndiaidh luiche?

deich tar éis a haon



## LÁ SAN VAILINTÍN

### SAN VAILINTÍN

Níl mórán eolais faoin naomh seo. Bhí beirt nó triúr mairtíreach leis an ainm Vailintín sa 3ú chéad AD. Aithníonn an Eaglais Ortadocsach Valentínus an Preispitéir agus Valentinus, Easpag Interamna, san Iodáil. Bhí baint ag an triú Vailintín leis an Afraic. Níl aon cheann acu i bhFéilire Athbhreithnithe na Naomh (1969) ach tá Vailintín an Mairtíreach fós aitheanta go hoifigiúil mar naomh is féidir urraim áitiúil a thabhairt dó. Maraíodh é ar an 14 Feabhra agus cuireadh é ar an Via Flámia, sa Róimh timpeall 269 AD.



### AN GRÁ AGUS AN SEANCHAS

De réir an seanchais rinne an naomh pósadh rúnda do na saighdiúirí Rómhánacha nach raibh cead acu ag an am pósadh. Leigheas sé Julia, iníon dhall a shéilera (jailor) Asterius, agus scríobh sé litir chuici, sular cuireadh chun báis é, agus “ó do Vailintín” ag a bun. Chuir Julia crann almóinní ar a uaigh. Tá bláthanna bándearga an chrainn ina gcomhartha den ghrá agus den chairdeas ón am sin. Deirtear freisin gur thug Vailintín páir croíchruithacha do na saighdiúirí chun grá Dé a chur i gcumhne dóibh.

### TAISÍ SAN VAILINTÍN

Toisc go raibh naoimh éagsúla leis an ainm Vailintín tá a lán taisí ann ach glacfar go ginearálta go bhfuil taisí agus tuama ‘Vailintín an Ghrá’ ar taispeáint go buan poiblí in Éirinn, san Eaglais Chairmilíteach (Our Lady of Mount Carmel) i Sráid na mBráithre Bána (Whitefriar Street) Baile Átha Cliath 2. B’ é an tAthair Seán Spratt a thóg taisí naoimh Valintín go dtí an tír. Fuair sé iad ón bPápa Greagóir XVI. Níor cuireadh mórán suime sna taisí tar éis bhás an athar Spratt ach rinneadh altóir agus cumhdach (reliquary) dóibh sna 1950/1960. Ar Lá Vailintín cuirtear an cumhdach os comhair na hard-altóra agus bíonn searmanas (Beannacht na bhFáinni) ann do dhaoine atá ar tí pósadh. I litir a fuair an tAthair Spratt leis na taisí i 1836 deirtear go bhfuil “corp beannaithe Vailintín agus soitheach beag ina bhfuil imir (tinge) d’fhola an naoimh” tugtha dó. Níor osclaíodh an cumhdach riamh. Deirtear go bhfuil taisí eile den naomh sa Fhrainc, san Ostair, i Malta, in Albain agus i Sasana. Tá blaosc (skull) an naoimh i mBaisleac Santa Maria i gCosmedin sa Róimh.

### VAILINTÍN AGUS AN GRÁ

I 1382, cheangail Geoffrey Chaucer ainm Vailintín leis an nGrá Chúirtéiseach i “Parlement de Foules” sa líne “For this was on Seynt Volantyns day when euery bryd comyth there to chese his make” (Mar rinneadh é seo ar Lá San Vailintín nuair a thagann gach éan ansin chun céile a roghnú).



### CÁRTAÍ VAILINTÍN

Is é an chéad vailintín ná *rondeau* (dán) Shéarlais, Dúc Orleans, ó 1415 AD dá bhean chéile — “Je suis desja d’amour tanné ma tre douce Valentinée”. Déanann Ophelia tagairt do Lá Vailintín i ndrámá cáiliúil Shakespeare, “Hamlet”, scríofa c1600 AD. Foilsíodh “The Young Man’s Valentine Writer” i Sasana i 1797. Thosaigh comhlachtaí ag díol cártaí vailintín sa 19ú haois. Anois, caithfear 1.3 billiúin punt ar chártaí (25 milliún), bláthanna, seacláidí agus bronntanais eile do Lá Vailintín i Sasana.

### LÁ VAILINTÍN SA tSEAPÁIN

Níor thosaigh siad ag ceiliúradh Lá San Vailintín sa tSeapáin go dtí 1936. Tugann na mná seacláidí do na fir toisc, de réir an scéil, gur rinne duine éigin i gceann de na comhlachtaí seacláidí botún nuair a bhí sé ag aistriú fógra faoi Lá Vailintín ón mBéarla!!! Ach, ná bí buartha a mhná, sna 1980í bunaíodh “Lá Freagartha” nó “An Lá Bán” ar an 14 Márta nuair atá dualgas anois ar na fir bronntanais (dó nó trí huair níos luachmhara ná na cinn a fuair siadsan) a thabhairt do na mná!. Cén fáth nach bhfuil Lá Bán san Eoraip chun go mbeadh na mná in ann bronntanais a thabhairt do na fir?



## AN CHÉAD EASPAG BAININSCNEACH ÉIREANNACH?



Tosaíonn an mhí seo le Lá Fhéile Bríde. Bhí bandia ceilteach leis an ainm Brigid agus ansin Naomh Brigid/Bríd ó Chill Dara. Seo scéal ó “*Bethu Brigte*” (*Beatha Bhrigid*) fúithi. Nuair a bhí Bríd ag dul sna mná rialta bhí an tEaspag Mael ar meisce le grásta Dé agus dímheabhrach (*oblivious*) faoi cad a bhí á léamh aige. De dheasca seo d’oibrigh sé Bhríd ina easpag in ionad ina bhean rialta. Bí ag caint faoi Shinéad O’Connor!



## CIORCAL DÍOSPÓIREACHTA

Is teacht le chéile iontach é seo a reáchtáiltear gach coicís ar an Máirt i gCaifé Fixx ar chúinne Shráid Dhásain (*Dawson Street*) agus Shráid Theach Laighean (*Molesworth Street*) ó 6.30 go 8.00 pm. Tugann an chaint deis do dhaoine a ladar a chur isteach agus a thuairimí a thabhairt ar chúrsaí éagsúla idir chúrsaí na hÉireann agus chúrsaí idirnáisiúnta. Seisiúin bhríomhara taitneamhacha a bhíonn ann. Is iad dátaí an chéad chruinniú eile ná an 11ú agus an 25ú den mhí seo. I measc na hábhair a pléadh le déanaí bhí: - “*An bhfuil an iomarca airgid caite ag Uisce Éireann?*” agus “*An mairfidh teaghlach ríoga na Spáinne?*”. Tá breis eolais le fáil ar an idirlíon ag na seoltaí seo:

[http:// facebook.com/anciorcal](http://facebook.com/anciorcal) agus

[http:// twitter.com/anciorcal](http://twitter.com/anciorcal)

## JAMESON INTERNATIONAL FILM FESTIVAL 13 - 23 February

Tá an Fhéile seo ag tosú ar an 13ú den mhí seo. Cuireadh tús leis an chéad Fhéile Scannán Idirnáisiúnta Jameson i mBÁC siar i 2003. Maireann sé ar feadh aon lá dhéag agus bíonn neart scannán ón tír s’againne agus ó thar lear san Fhéile. Chomh maith leis na scannáin a bheith ar na scáileáin bíonn ceardlann ann chun scileanna ar dhéantús scannáin a mhúnadh. Tá cáil á tharraingt ar an bhFéile mar cheann de na féilte ‘beaga’ is fearr a bhfuil ann sa domhan.

Bíonn na scannáin le feiceáil i bpictiúrlanna éagsúla sa chathair. I measc na cinn a bheidh ar fáil tá “*Borgman*” - scannán scéinséara le Brendan Gleeson (*The Guard*) agus Kelly Reilly (*Flight*), “*Twenty Feet from Stardom*”, a insíonn scéal na fonnadóirí cúil (*backing vocalists*) a sheasann taobh thiar den phríomh réalta ar an ardán nó ar an stáitse agus a chuireann an bheocht i léirithe beo. Is í rogha eile ag an bhFéile ná “*No Limbs, No Arms*”, scéal Joanne O’Riordan a saolaíodh gan ghéag gan chos agus conas a sháraigh sí fadhbanna an lae. Ansin tá “*Tracks*” le feiceáil. Tá an scannán seo bunaithe ar an bhfirinne agus déanann sé cur síos ar aistear a rinne Robyn Davidson trasna an fhásaigh Astrálaigh sa bhliain 1977.

Chomh maith leis na scannáin, tagann réaltaí scannáin mór le rá chuig na féilte seo. I láthair i mBaile Átha Cliath beidh Richard Dreyfuss (*Close Encounters of the Third Kind*) agus an Stiúrthóir Terry Gilliam (*Monty Python and the Holy Grail*). Tá i bhfad níos mó freisin i ndán dúinn an bhliain seo. Bímis ag súil go mór leis.

## TURAS: NA CEANNABHÁIN BHÁNA - 22/23 FEABHRA

### Satharn, 22 Feabhra

Traein ar 9.25 am ó Stáisiún Heuston go Gaillimh (ag sroicheadh na cathrach ag 11.47 am); mionbhus go Carna, Muighnis agus Leitir Móir (le hamhrán i ngach áit!).

Siúlóid bheag in Iorras Aithneach más maith leat.

Dinnéar agus cúpla amhrán eile in Óstán Chuan Carna. (Guthán: [095 32255](tel:09532255) chun seomra a chuir in áirithe)

### Domhnach, 23 Feabhra:

Aifreann i gCarna; mionbhus go Gaillimh agus traein go Baile Átha Cliath.

Glaigh ar [Stiofán 086 6669052](tel:0866669052) nó cuir r-phost chuig [stiofan777@yahoo.com](mailto:stiofan777@yahoo.com)

## AN GHAELGE I GCLUAIN TARBH

### POBAL CHLUAIN TARBH

Sa 19ú haois ba shráidbhaile beag iascaigh é Cluain Tarbh. Ó bhunú an stáit i 1922 tharla forbairt mhór tithíochta agus tháinig roinnt mhaith daoine le Gaeilge chun cónaí sa cheantar. I lár na haoise, le linn do Mhicheál Ó Céileachair agus d'Áine Ní Chanain a bheith ina bpríomhoidí ar scoileanna Eoin Baiste rinneadar beirt beart de réir a mbriathar, eolas agus meas ar an nGaeilge agus ar an gcultúr Gaelach a chothú i measc a ndaltaí. Le bunú na nAifreann Domhnaigh as Gaeilge sna seascaidí cothaíodh aithne pearsanta idir daoine agus b'é seo bunchloch phobal Chluain Tarbh i dtús na seachtóidí.

D'eagraigh Pobal Chluain Tarbh iliomad imeachtaí le 41 bliain anuas, léachtaí, oícheanta airneáin, tae agus suí chun caidrimh, beárbaiciúnna ar thrá Bhaile na gCorr, scoláireachtaí do choláistí samhraidh Gaeilge agus araile. Ar feadh 35 bliana réachtáladh *Aonaigh na gCartaí agus Leabhair as Gaeilge* agus ón mbliain 1980 i leith réachtáiltear Éigse – seachtain phobail Ghaeilge, i bpáirt le heagrais eile chultúr Gaelach sa cheantar. Ar feadh roinnt mhaith blianta rinne Raidió na Gaeltachta Aifreann as Gaeilge agus clár raidió beo le linn na hÉigse. Bhíodh Comhaltas Ceoltóirí Éireann páirteach sna cláir sin.

Tá dlúthbhaint againn leis an eagrais logánta, An Briathar Beo, atá ag réachtáil ranganna Gaeilge le 16 bliana anuas. Chomh maith d'fheidhmigh muid i bpáirt le Naíonra Chluain Tarbh a bhíodh á réachtáil go laethúil ar feadh 14 bliana faoi stiúir Daire Uí Óráin agus thugamar tacaíocht do bhunú craobh áitiúil de Chumann na bhFiann. Ó 1999 i leith bíonn grúpa caidrimh Gaeilge ar siúl go míosúil agus le déanaí bíonn maidin chaife ann gach Domhnach. Tá Pobal Chluain Tarbh go mór faoi chomaoin ag An Briathar Beo, ag Cumann Lúthchleas Gael Cluain Tarbh agus ag Clasach Chomhaltas Ceoltóirí Éireann as ucht a gcomhoibriú leanúnach linn.

### AN CLASACH



**Seisiúin amhránaíochta macarónacha (Iricí Béarla agus Gaeilge), ceoil, scéalaíochta agus filíochta:**

Dé Máirt, 11.00 am, Bóthar Ailf Uí Bhroin

Seans ag gach duine a chleas chóisire (*party piece*) féin a chur os comhair an tinrimh— amhrán a chanadh, ceol a sheinm, scéal a insint nó dán a aithris.

### CLUB CLG (AN BRIATHAR BEO)

**Ranganna: (Bóthar Ghort na Mara)**

Dé Luain, Bunrang do ghlantosaítheoirí 7.15pm.

Meánrang, 8.30 go 10.00 pm.

Dé Mairt, Bunrang 7.30 go 8.45 pm.

Ardrang 8.45 go 10.00 pm.

Nodlaig Ó Scurlóg ar 086 239 4390

Seán Ó Coileáin ar 087 235 1825

**Club Leabhar:**

gach dara Máirt  
ag 8.45pm.

**Rang Gramadaí:**

gach dara Máirt  
ó 8.30 go 10.00 pm.

Teagmhálaí:

Áine Ní Neachtain 0871210491/Martina 0876380207



### MAIDIN CHAIFE — TILLIE'S

Cupán caife le Gaeilge - caint agus comhrá agus cairdeas  
Gach maidin Domhnaigh ag 11.20 am i mBialann "Tillie's"  
os comhair Shéipéal San Gabrial i gCnocán Doirinne  
(Dollymount)

Teagmhálaí: Seán Ó Coileáin 0872351825



## MATA HARI

Cibé an mbíonn tú ag trácht ar James Bond nó saol rúnda na spiaireachta nó gníomhaíochtaí an CIA nó Deuxième Bureau na Fraince, cothaíonn sé seo go léir íomhánna de shaol rómánsach, corraitheach an gníomhaire rúnda. Cinnte, bhí agus tá, a leithéid de James Bond ann ach bíonn páirt nach beag sa ghairm seo ag na mná freisin. Tóg Mata Hari (fíor ainm Margaretha Zelle) mar shampla. Cuireadh chun báis í ag na Francaigh i rith an chéad chogadh domhanda nuair a cuireadh an spiaireacht ina leith. Dúradh go raibh sí ag obair ar son na nGearmánach, rud a shéan sí go dtí lá a mbás. Rugadh i Leeuwadren san Ísiltír í agus bhí sí 41 bliana d'aois nuair a d'éag sí. Agus i mbarr a réime di bhí sí ina rinceoir anghrách inar ceadaíodh roinnt grianghraf beagánín mínáireach. Chuir é seo gan amhras leis an íomhá de *femme fatale* a bhí aici. Dúradh gur mhór an caidreamh collaí a bhí aici le hoifigigh míleata agus lucht na huasaicme chomh maith le polaiteoirí na tréimhse sin. Bhí sí 5'10" ar airde agus tarraingteach san áireamh agus de dheasca sin bhí sí faoi shúile na bhfear go minic. Cé gur dúirt sí nach raibh baint aici leis an spiaireacht, de réir cáipéisí oifigiúla na Gearmáine, tugadh an cód-uimhir H-21 uirthi ag an am agus tá an cuma contrártha ar an scéal gur spiaire i ndáiríre ab ea í. Cuireadh chun báis í ar an 15 Deireadh Fómhair 1917. Rinneadh scannán dá saol dar teideal '*Mata Hari*' i 1931 leis an réalta scannáin Shualannach Greta Garbo (sa phictiúr thuas) ag glacadh an príomhról.




## FOCLÓIRÍN

cibé a mbíonn tú ag... - <b>whether you are...</b>	anghrách - <b>erotic</b>
de dheasca sin - <b>because of that</b>	an caidreamh collaí - <b>intimate affairs</b>
spiaireachta - <b>espionage</b>	bhí sí faoi shúile - <b>she was noticed</b>
cothaíonn sé seo - <b>this conjures up</b>	de réir - <b>according to</b>
a leithéid de - <b>such / the likes of</b>	ag an am - <b>at the time</b>
corraitheach - <b>exciting</b>	cuma contrártha - <b>opposite view</b>
gníomhaire rúnda - <b>secret agent</b>	ar an scéal - <b>of the story</b>
sa ghairm seo - <b>in this profession</b>	rinneadh scannán dá saol - <b>a film was made of her life</b>
cuireadh chun báis í - <b>she was executed</b>	dar teideal - <b>called / entitled</b>
cuireadh ina leith - <b>she was accused of ....</b>	realta scannáin Shualannach - <b>Swedish film star</b>

## TÚS AN EARRAIGH??

D'fhoghlaim ar scoil go dtosaíonn an tEarrach ar an chéad lá d'Fheabhra, Lá Fhéile Bríde, ach de réir *Fíricí Suimiúla do Dhaltaí Sóisearacha Bunscoile* ó Met Éireann is é 1ú Márta tús an Earraigh anois.

## AN CADHAN—ÁR gCUAIRTEOIR GEIMHRIDH



Gach geimhreadh tagann thart ar 40,000 cadhan (**brent goose**) go cósta na hÉireann. Bíonn 4,000 díobh ann le feiceáil timpeall ar Bhá Bhaile Átha Cliath agus ar Oileán an Bhulla i gCluain Tarbh, ach go háirithe.

Is gé bheag í an cadhan le cleití dubha is bána air, agus tagann siad anseo toisc an geimhrídh fionnuair a bhíonn i gcoitinne sa tír seo. Itheann siad fear miléarach (**eelgrass**) a fhasann cois cladaigh agus nuair atá sin ídithe tosaíonn siad ag ithe gnáth fhéar páirce. Is minic go bhfeicinn pobal na cathrach na céadta díobh ar pháirceanna peile agus chúrsaí gailf, ag ithe leo. Caitheann na cadhain an samhradh san Artach ar Oileán Bathurst i dtuaisceart Ceanada. Déanann siad a neadacha ansin agus thart ar lár Mheán Fhómhair agus an geimhreadh ag teacht, fágann siad an tOileán agus eitlíonn siad ó dheas chun na hEorpa. Tagann 80% de dhaonra iomlán na gcadhain chuig Éirinn.

Rinne eolaithe Ollscoile staidéar orthu le déanaí agus chuir siad fáinní ar chosa de roinnt acu agus raidió beag ar roinnt eile. Bhí siad in ann iad a leanúint le satailít agus ríomhairí go dtí gur bhain siad Éire amach. Stop cadhan amháin gan bogadh ar Oileán na hÍoslainne. Nuair a thaisteal eolaithe chuig an spota, d'aimsigh siad go raibh an cadhan bocht marbh agus i gcuisneoir fear áitiúil réidh le hithe. Sa tír seo tá na cadhain cosanta faoin dlí agus tá grá mór ag muintir na cathrach dóibh. *Proinsias Mac an Bheatha*

## CEAHT ÓN TAQB EILE

Scott de Buitléir

I seomra mór thar bhialann na mac léinn i gColáiste na Tríonóide, tá slua mór ag éisteacht le gach uile fhocal a thagann as béal binn Linda Ervine. Is mar gheall uirthise agus a cuid suime sa Ghaeilge, a bhfuil thart ar 10 rang Gaeilge ar siúl in Oirthear Bhéal Feirste; dhá rang in Ardscoil Dhún Dónaill, agus an chuid eile ar Bhóthar Bhaile Nua na hArda ([Newtownards Road](#)), croilár an phobail Aontachtaí i mBéal Feirste. Bhí an pléisiúr agam freastal ar bhunrang Gaeilge, rang a bhunaigh Ervine, a bhí ar siúl san [East Belfast Mission](#) ag an am. Bhí mé ann mar thacaíocht do mo chara Protastúnach, duine nach raibh focal Gaeilge aige, ach a raibh fiosrach go leor faoin teanga. Ní dhéanfaidh mé dearmad go brách ar an lá sin; an bheirt againn ag siúl in aice le ballaí móra, daite le dathanna bhratach na hAontachta, le siombail de chuid an UDA agus UVF, agus íomhánna eile a chuir eagla orm ag an am. Ach, in ionad pobail síos an bhóthair, bhí dream beag ag foghlaim conas "*caidé mar atá tú*" a rá, agus a fhreagairt.

Is é an rud is luachmhara a d'fhoghlaim mise ar an lá sin, ná go raibh fáilte mhór ag lucht Mhisin Oirthear Bhéal Feirste romhamsa (agus roimh éinne eile) agus go bhfuil go leor Aontachtach i dTuaisceart Éireann fiosrach faoin teanga s'againn. Ceapann siad go bhfuil siad ag cailliúint amach ar thaobh áirithe dá gcuid cultúir féin. Agus, níos tábhachtaí fós, ní théann an cúpla focal Gaeilge in éadan aon fhéiniúlachta Briotanaigh; mar a dúirt Linda í féin, is féidir a bheith Éireannach agus Briotanach, agus ní chaithfidh an dá cheann bheith in aghaidh a chéile. Tá go leor mana Gaeilge ag lucht airme an Tuaiscirt; "Faugh a Ballagh" (Fág a' Bealach) ag an Reisimint Éireannach Ríoga, mar shampla.

Séard a mhúin Linda Ervine dom, is dóigh, ná go bhfuil go leor fós againn as a chéile. Is deas an rud é sin, measaim.

## CÁILÍN ÉIREANNACH I LONDAIN



Tar éis dom bogadh go Londain beagnach dhá bhliain ó shin, thug mé faoi deara bonn láithreach an difríocht sa luas an tsaoil anseo. Is cathair bhríomhar bheo gan stad í Londain. Na busanna íocónacha dearga, táid le feiceáil ar fud na háite mar chuid den íomhá London. Ar dtús, chuir an t-athrú luas seo isteach orm beagánín, na sluaite, an tranglam tráchta ach go mór mór nuair a bhíonn ort an traein faoi thalamh (*Tube*) a thógáil. Is níos intuigthe é a d'fhoghlaim go tapa ná, nuair a bhíonn tú ag dul ar an staighre beo chun do bhealach a dhéanamh anuas nó aníos chuig an traein nó an tsráid, ní mór duit seasamh ar an taobh ó dheas agus na daoine a ligean dul tharat ar an taobh clé. Má sheasann tú ar an taobh ó chlé tá an chosúlacht ann go gcloisfeá monabhar mífhoighneach ó dhuine a theastaíonn uaidh nó uaithe dul tharat. Rith sé liom caithfidh mé a rá, *cad ba chúis an deifir?* Bheith ag brostú síos an staighre sin ach amháin gan an traein a chailleadh! Táim ag ceapadh gur anseo a nochtadh mo thógáil aníos Bhlátheliathach agus tuathúil. Bhíos féin breá sásta fanacht ar feadh an dá nó ceithre nóiméad ar theacht an chéad traein eile. Ach is dócha gur is Londain é seo. Mar a dúirt mé ag an tús - is cathair ghleoiréiseach í gan sos ar fad!



Danielle Kelly

## THARLA SÉ DOMSA

Phyllis Uí Lochlainn

Trí bliana ó shin bhíos sa Róimh le m'fhear chéile. Róimh - An Chathair Shíoraí. Bhuel táim a rá leat go bhfuil cúis mhaith agam gan dearmad a dhéanamh ar an turas sin. Bhíomar tar éis cuairt a thabhairt ar Chathair na Vatacáine agus bhíomar ag stad bus ag fanacht chun filleadh ar an óstán. Bhí slua mór ag an stad agus gach am nuair a thagadh bus agus nuair a d'oscail na doirse, bhí brúcht ar aghaidh ar bord.

Tháinig ár mbus agus bhíomar gafa sa slua. Istigh sa bhus bhí mise agus Brian scartha óna chéile eisean cúpla troigh amach uaim. Bhí an bus dubh plódaithe le daoine suas i gcoinne a chéile. Bhí mé ag cur allais leis an teas. Chuir mé mo lámh i mo mhála chun ciarsúr a fháil ach ní raibh mo sparán ann! Rinneadh goid orm! Bhí ár bpásanna agus an cárta creidmheasa goidte. Mar sin, bígí ar bhur n-airdeall ar na mbusanna sa Róimh. Cathair álainn í ach..... Ba í uimhir an bus ná 64 agus ainm na sráide Corso Vittorio.





## SUÍOMH SUIMIÚIL AR AN IDIRLÍON

Tá a lán áiseanna ([resources](#)) le fáil anois ar an idirlíon ([internet](#)) do Ghaeilgeoirí agus d'fhoghlaimoírí na Gaeilge. Má tá tú ag lorg an téarma Gaeilge d'aon fhocal, sean nó nua-aimseartha is féidir leat úsáid a bhaint as na foclóirí ([dictionaries](#)) éagsúla atá ar an idirlíon. Suíomh an-mhaith is ea [foclóir.ie](#). Tá foclóirí Gaeilge-Béarla (Ó Dónaill, 1977) agus Béarla-Gaeilge (de Bhaldraithe, 1959) ann chomh maith le buanachar ([database](#)) gramadaí agus buanachar foghraíochta ([pronunciation](#)) inár bhféidir leat fuaimniú na bhfocal a chloisteáil sna trí mhórchanúint, Cúige Uladh, Cúige Chonnacht, agus Cúige Mhumhan.

Baile Brabhsáil Uirlisí Maidir le Ceisteanna Coitianta Inrochtaineacht

Gaeilge English

Béarla > Gaeilge

Q Cuardaigh

 **Foclóir.ie**

An Foclóir Nua Béarla-Gaeilge

Cuardach Casta  
English-Irish Dictionary (1959)  
Foclóir Gaeilge-Béarla (1977)



### Leabharlann Teanga agus Foclóireachta

Fáilte go dtí an *Leabharlann Teanga agus Foclóireachta* ar líne atá á forbairt ag Foras na Gaeilge mar thionscadal comhthreomhar le tionscadal an *Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge*. Is é cuspóir an tsuímh ná rochtain shaor agus réidh a thabhairt do lucht úsáidte na teanga ar shonraí foclóireachta, gramadaí agus foghraíochta a bhaineann le focail sa Ghaeilge.

#### Innéacs

- Fáilte
- An Foclóir a Bhrabhsáil
- Uirlisí
- Maidir leis an bhFoclóir
- Ceisteanna Coitianta
- Inrochtaineacht

#### Focal an Lae


**grip**

verb: greim a bhreith ar, greim a fháil ar

**Foclóir Gaeilge-Béarla (Ó Dónaill, 1977)**

**English-Irish Dictionary (de Bhaldraithe, 1959)**

**Bunachar Gramadaí** » Foirmeacha infhillte d'ainmfhocail, do bhriathra, d'aidiachtaí srl na Gaeilge.



### Bunachar Gramadaí

Is áis é an Bunachar Gramadaí a chuireann ar chumas an úsáideora teacht go héasca ar an eolas gramadaí a bhaineann le focail Ghaeilge, m.sh. inscne agus foirmeacha infhillte na n-ainmfhocal agus conas a théann siad leis an alt; aimsirí, modhanna agus foirmeacha na mbriathra; foirmeacha agus úsáid na n-aidiachtaí; srl.

### Bunachar Foghraíochta

Sa Bhunachar Foghraíochta tá comhaid ([files](#)) fuaime ar fáil inár bhféidir focail a chloisteáil i ngach ceann de na trí mhórchanúint: canúint Chonnacht, canúint Uladh agus canúint na Mumhan. Cainteoirí dúchais as na ceantair chuí atá ag guthú na bhfocal.

Tá an buanachar ag fás seachtain i ndiaidh seachtaine. Ar an 18 Nollaig 2013 cuireadh 6,300 iontráil ([entries](#)) breise leis an bhfoclóir.

Mar sin, níl aon leithscéal agat anois! Scríobh an t-alt sin atá i d'intinn agat don iris seo agus chuir chugainn é go

[antaobhothuaidh2014@gmail.com](mailto:antaobhothuaidh2014@gmail.com)

#### Uatha

##### AINMNEACH

**foghlaimoír**

• an foghlaimoír

##### GINIDEACH

**foghlaimoira**

• an fhoghlaimoira

#### Iolra

##### AINMNEACH

**foghlaimoírí**

• na foghlaimoírí

##### GINIDEACH

**foghlaimoírí**


• na bhfoghlaimoírí



# CROSFHOCAL BÉARLA-GAEILGE XBG-2

## TRASNA

## SÍOS



1	lump (5)
5	body (4)
7	wagtail (6)
9	cancer (5)
11	foot (3)
12	girl (6)
14	text (5)
17	pear (6)
18	crooked (3)
20	retake (4)
23	pigs (4)
25	apples (4)
26	yet (3)
27	glass (6)
29	ceiling (7)
30	also (7)
33	majority (8)
35	fence (4)

1	star (6)
2	wall (5)
3	paragraph (3)
4	burning (2)
6	pea (3)
8	history (5)
10	waterfall (3)
11	hill (4)
13	swing (7)
15	nut (3)
16	captive (4)
19	sweet (7)
21	tulip (7)
22	steam (3)
24	dozen (6)
27	valley (6)
28	yew (3)
30	true (4)
31	eye (4)
32	food (3)
34	month (2)

## CUARDACH FOCAL 2

aimsir/weather



T	Á	R	N	C	E	A	T	H	A	C	H
H	C	A	E	N	R	I	O	T	I	C	M
C	T	H	N	R	I	S	M	I	A	S	H
H	S	M	S	L	O	B	H	L	M	E	C
N	C	N	Á	E	A	C	L	E	R	N	A
Á	A	A	M	O	R	A	F	O	A	G	E
R	M	I	E	I	H	A	R	T	H	A	R
H	A	R	N	T	M	H	C	C	M	R	T
B	L	G	O	H	S	I	U	A	O	Á	N
O	L	R	S	N	E	I	R	N	E	U	I
E	B	H	T	E	L	R	Á	I	C	S	T
C	R	A	U	F	U	R	R	B	T	C	H

Aimsir (Weather)	Gaofar (Windy)
Báisteach (Rain)	Grianmhar (Sunny)
Brothallach (Humid)	Leoithne (Breeze)
Ceathach (Showery)	Scamall (Cloud)
Ceobhrán (Drizzle)	Seaca (Frosty)
Ceomhar (Foggy)	Tintreach (Lightning)
Fliuch (Wet)	Tirim (Dry)
Fuar (Cold)	Toirneach (Thunder)

**Múinteoir:** “A Bhreandáin, tá an aiste a scríobh tusa faoi do mhadra an-chosúil leis an gceann a scríobh do dheartháir Marcas. An raibh tú ag cóipeáil uaidh?”  
**Breandán:** “Ní raibh, a Mhúinteoir - is é an madra céanna!”

**CEIST CHOMHAIRIMH Eagrán 1**  
**FREAGRA**  
 364 bronntanas



### COMHAIRLE MHAITH DO NINO BENVENUTI



Bhain na trí throid a bhí idir na dornálaithe, Nino Benvenuti agus Emile Griffiths, sna seascaidí cáil amach dóibh. Bhuaigh Nino an chéad cheann ach dornán de laethanta tar éis gur chaill sé an dara ceann ar an 29 Meán Fhómhair 1967 bhí sé in isle brí. Go tobann bhuail cuairteoir isteach chuige darb ainm Mohammad Ali - *"A chara dhí! Cuma na maitheasa ort. Ní faic na mion-ghortuithe seo ort. Cruthaíonn sé gur thuill tú do chuid airgid!"* arsa Ali leis.

*"Tá mo spiorad céasta agus m'ucht dom mharú - ar nós deabhaill le sceana istigh orm"* a chaoin Nino. *"Cén aois thú a Nino?"* d'fhiafraigh Ali de. *"Fiche is a naoi"* an freagra. *"Ró-óg"* dúirt Ali *"chun na slipéirí a chuardach - claoi leis"*. Dúirt Ali go mbeadh sé ina churadh cruthanta domhanda arís. Glacadh leis an gcomhairle agus bhain Nino an tríú troid i gcoinne Griffiths sé mhí i ndiaidh sin. Bhí sé ina churadh domhanda mheánmheáchain arís. D'éirigh Nino Benvenuti as an dornálaíocht i 1971.

### TURAS GO BÉAL FEIRSTE



#### Dé Sathairn, 22 Márta

Turas as Gaeilge go Béal Feirste eagraithe ag Wild Rover Tours.

Turas timpeall suíomhanna na Trioblóidí i dtacsaithe dubha agus ansin cuairt go dtí Halla na Cathrach. An turas iomlán as Gaeilge Beidh níos mó eolais faoin dturas seo le fáil in eagrán Mhí



Márta. Seans agat bualadh le Gaeilgeoirí atá ar an taobh ó thuaidh cinnte!

#### CROSFHOCAL BG XBG-1: RÉITEACH

1	T	E	A	2	C	H		3	F		4	F		5	P				
					R		6	T	E		Á		7	C	Ó	F	R	A	
8	G		O				9	A	C	L	A	Í			Á				
	O		10	F	Í	S		R			O				T				
	R					I					12	B	R	Ó	13	G	A		
14	M	U	15	C		16	Ú	L	17	L						R		18	M
			19	O	L	C		20	Á	R		21	G	L	O	I	N	E	
22	B	Á	D		R			M			A				A				A
	L		23	L	E	A	24	B	H	25	A	R	L	26	A	N	N		L
	I			A			Ó				O				M				B
27	A	R	D	Á	N			28	L	I	29	A	T	H		30	N		H
	I		H				31	S	O	R	N			32	R	Í	O	G	A
	N					33	R	I	T	E				Á		C			C
						Ó								N		H			Á
34	F	O	R	É	I	G	E	A	N					35	S	T	Á	N	

#### CUARDACH FOCAL 1: RÉITEACH

A	D	N	É	R	N	A	U	L	N	S	É
L	N	C	R	I	Á	N	A	E	Á	E	A
I	I	L	M	R	Ó	L	O	A	E	R	M
Ú	A	L	Í	H	B	H	I	R	R	Á	A
I	H	A	M	T	N	A	N	R	B	N	R
G	M	I	N	A	P	A	E	A	I	I	H
A	A	G	Ó	R	U	R	C	C	A	O	B
T	S	B	L	P	A	T	P	H	N	A	A
R	Ú	A	M	R	R	H	M	E	O	D	E
Á	T	S	N	I	Í	Ó	T	D	L	A	F
M	S	T	Á	Ú	F	P	M	A	L	É	B
F	Ó	M	D	F	L	M	F	Í	S	C	Ú

## COMÓRTAS NA SÉ NÁISIÚN

Yippie! Is é an t-am sin den bhliain arís agus Comórtas na Sé Náisiún buailte linn. Tráth dá raibh bhí an Rugbaí feicthe air mar chluiche saghas 'ardnósach' ach sa lá atá inniu ann is cluiche é do gach aon duine agus é ina hábhar cainte sna tithe tábhairne agus sna clubanna ar fud na tíre.

Bhí speach thosaigh an chomórtais tógtha ar an Satharn, 1ú Feabhra, ag 2.30 pm sa Millennium Stadium i gCaerdydd nuair a thug An Bhreatain Bheag aghaidh ar an Iodáil. Bhí an Fhrainc ag tabhairt faoi Shasana sa staid iontach sin, an Stade de France (áit nach bhfuil an iomarca dea-smaointe fúinn uirthi!). Ar an Domhnach beidh muidne ag cur tús lenár bhfeachtas sa staid Aviva ag a trí a chlog nuair a bheimid ag 'líniú amach' in aghaidh na hAlban. Is cluiche é seo nach féidir leat bheith róchinnte faoi riamh. Leis na hAlbanaigh ní ghéilleann siad go héasca ach é sin ráite ná déanaimis dearmad go mbeidh an slua baile taobh thiar dúinn. Beidh an cluiche deireanach ann ar an Satharn, 15 Márta, i bPáras na Fraince. Cad é sin a bhí á rá againn tamall ó shin faoin staid sin?



### MICHAEL SCHUMACHER

Tá dochtúirí i Centre Hospitalier Universitaire de Grenoble ag iarraidh Michael Schumacher a dhúisigh óna thámhnéal ina bhfuil sé ó tharla timpiste sciáil dó ar an 29 Nollag seo caite in Alpa na Fraince. Is curadh domhanda faoi sheacht é I bhFoirmle 1 i rásaíocht mhótair. Guímis gach biseach air.

### NA CLUICHÍ OILIMPEACHA i SOCHI - an mbeidhfeása slán dul ann? Mar.....

Bhí an Rúis ina cúis shamhlaíochta agus rúin ag muintir an Iarthair ó na hamanna is luaithe ó am Ivan an Uafáis agus an Sár Nicholas II nuair a thosaigh siad ag glacadh talamh orthu féin agus ag fail seilbhe ar thíortha agus ar chríocha eithneacha eile mórthimpeall orthu. Roimh dhíscáoileadh an tAontas Sóivéadach faoi na leasúcháin '*perestroika*' agus '*glasnost*' de Mikhael Gorbachev i 1991, bhí 15 poblacht ar leith san Aontas agus gach ceann acu lena gcultúr, saintréithe agus teanga féin. Nuair a thit an tA.S. as a chéile d'éirigh an chuid is mó de na poblachtaí seo ina dtíortha neamhspléacha fiú mar roghnaigh siad dlúthchaidreamh a choimeád leis an Aontas Sóivéadach, tír lena leanfaidís ag trádáil agus a mbeadh ag breathnú uirthi ó thaobh fuinnimh agus tráchtearraí eile de. Ach, i ndeisceart na Rúise, i réigiún Cugais (**the Caucasus**) tá áiteanna fós ann atá féinriail (**autonomy**) bhog acu mar shampla an tSeisnia agus an Ionúiséit – limistéir a bhronn an Rúis 'féinriail teoranta' oraibh. Níor bhain na tíortha seo féinrialú amach dóigh féin agus tá siad fós á rialú ag an Rúis, agus is é an míshuaimhneas seo chomh maith le dúil a bheith neamhspléach cosúil leis na tíortha eile, a ba chúis leis an gcultúr réabhlóideach a spreag na daoine seo. Tá ionsaithe sceimhlitheoireachta sa Rúis ag dul siar go 2003 le hionsaí ar amharclann i Moscó agus an léigear i scoil i mBelsen i 2004 inar maraíodh breis is dhá chéad páiste. I 2010 rinneadh ionsaí ar an stáisiún Metro Lubyanka faoi thalamh i Moscó agus ba iad na cinn is déanaí ná ag stáisiún traenach agus an Trolleybus i Volgógrad. Fiú má éiríonn leis an 30,000 de na fórsaí slándála atá Putin tar éis a sheol chuig an gcathair, deireadh a chur leis na hionsaithe, tá na sceimhlitheoirí tar éis a sprioc a bhaint amach 'se sin an eagla a chothú i measc turasóirí chun dul ann, agus an Rúis a n-uirisliú agus cuir isteach ar na Cluichí Oilimpeacha. Ba í sprioc na gCluichí ná an Rúis a thaispeáint ar a fheabhas, ar chóimheas leis na Cluichí Oilimpeacha i Londain i 2012. Neosfaidh an aimsir anois cén chomhairle a mbeidh á thabhairt ag Comhairle Idirnáisiúnta na nOilimpeacha agus conas a thabharfaidh an tUachtarán Putin faoin bhfadhb.